

Seachadadh agus Seachadóirí Téacsáí san Ochtú agus sa Naoú hAois Déag¹

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

1. RÉAMHRÁ

Ceann des na laethanta sa bhliain 1839, nuair a bhí an scoláire cáiliúil Eoghan Ó Comhraí (1794-1862) ag obair i leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann, bhual George Petrie (1789-1866) agus a sheanchara Thomas Moore (1779-1852) isteach chuige. Is mar seo a chuir Ó Comhraí síos ar an gcuairt sin na beirte ina leabhar *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History*:

... in the year 1839, during one of his last visits to the land of his birth, he [Moore], in company with his old and attached friend, Dr. Petrie, favoured me with quite an unexpected visit at the Royal Irish Academy, then in Grafton Street. I was at that period employed on the ordnance survey of Ireland; and, at the time of his visit, happened to have before me, on my desk, the Books of Ballymote and Lecain, the *Leabhar Breac*, the Annals of the Four Masters, and many other ancient books for historical research and reference. I had never before seen Moore, and after a brief introduction and explanation of the nature of my occupation by Dr. Petrie, and seeing the formidable array of so many dark and time-worn volumes by which I was surrounded, he looked a little disconcerted, but after a while plucked up courage to open the Book of Ballymote, and ask what it was. Dr. Petrie and myself then entered into a short explanation of the history and character of the books then present, as well as of ancient Gaedhlic documents in general. Moore listened with great attention, alternately scanning the books and myself; and then asked me, in a serious tone, if I understood them, and how I had learned to do so. Having satisfied him upon these points, he turned to Dr. Petrie, and said: ‘Petrie, these huge tomes could not have been written by fools or for any foolish purpose. I never knew anything about them before, and I had no right to have undertaken the History of Ireland’.²

Cé go raibh trí imleabhar dá shaothar *History of Ireland* foilsithe ag Thomas Moore fén am san, is léir ón bpíosa so, go raibh sé dall ar fad ar fhoinsí dúchais Gaeilge agus gur bhraith sé faillí mhór a bheith déanta ina chuid taighde aige. Nach breá é mar sin féin go bhfaca Moore a dhearmad, agus go raibh sé admhálach ann? Go deimhin, ag leanúint do dá chuntas, deir Ó Comhraí gurbh é ‘the new light which appeared to have broken in

¹ Téacs léachta a tugadh ar Chomhdháil ‘Litríocht agus Cultúr na Gaeilge’, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Deireadh Fómhair 2001.

² (O’Curry 1861: 154).

upon him on this occasion'³ a chuir moill ar Moore an ceathrú imleabhar den *History of Ireland* a chur i gcló. Cuireann an eachtra san i leabharlann an Acadaimh Ríoga i bhfáth orainne fós inniu, b'fhéidir, a thábhachtaí atá na foinsí dúchais lámhscríbhinne, go bhfuil mórán oibre fós gan déanamh orthu. Ceiltear mórán, fé mar a tuigeadh do Moore é an lá úd, má deintear neamhshuim den eolas ósna foinsí lámhscríbhinne.

Abhar suime eile, leis, fén gcuairt úd nár mhiste a lua anso is ea an cheist a chaith Moore chun Uí Chomhraí fésna lámhscríbhinní féin – '[he] asked me, in a serious tone, if I understood them, and how I had learned to do so'. Léiriú caolchúiseach atá anso againn, braithim, ar an éagsúlacht cúlra a bhain leosan ar shuim leo scoláireacht na Gaeilge a chur chun cinn, idir stair agus litríocht, san ochtú agus sa naoú céad déag. Bhí, is fíor, na tuiscintí i leith an chultúir Ghaelaigh ag athrú faid ar fhaid. Bhí leithéidí Uí Chomhraí ag oibriú ón dtaobh istigh, scoláirí acadúla Gaeilge gur theastaigh uathu an t-abhar a chaomhnadh agus a sheachadadh; ach bhí leis, pobal nua léitheoireachta agus dream nua pátrúntachta ag teacht chun cinn. Daoine ab ea iad so ná raibh aon eolas mór ar an nGaeilge acu – go deimhin, is minic gan aon eolas in aon chor acu ar an dteangain, leithéidí Moore, cuirim i gcás. Dream ab ea iad mar sin féin go raibh suim san ársaíocht acu, suim a bhí rómánsúil go minic. Is í an tsuim seo a spreag iad i dtreo na bhfoinsí dúchais Gaeilge. Tuigeadh do Moore, gan dabht, agus é ag iniúchadh na seanscríbhinní sin i leabharlann an Acadaimh an lá úd an obair éachtach a dhein scríobhaithe na bhfoinsí féin, iad súd a chuaigh i mbun pinn ag teaglamú agus ag cóipeáil téacsaí. Daoine ab ea iad so go raibh fios a ngnótha acu, a mhachnaimh ar an ngnó san agus a thuig tábhacht a raibh idir lámhaibh acu.

2. INIÚCHADH SIONCRONACH

Ba mhaith liomsa anois díriú ar an scríobhaí féin san ochtú agus sa naoú haois déag (i.e. sa tréimhse iarchlasaiceach) agus ar a dhála. Chuige sin, tagród do mhuintir Longáin, do Mhícheál mac Peadair (*ca* 1693-1770), dá mhac Mícheál Óg (1766-1837), dá chlann mhac súd Peadar (1801-?), Pól (1801-66) agus Seosamh Ó Longáin (1817-1880). Clann scolártha ab ea iad a chnuasaigh agus a chóipeáil abhar dúchais Gaeilge (annála agus tráchtasí staire, scéalaíocht, naomhsheanchas, tráchtasí leighis, tráchtasí graiméir, agus

³ Ibid.

filíocht), ach clann fós a chuir an t-abhar féin in oiriúint don ‘léitheoir ionmhuin’, pé acu ar phátrún ainmnithe nó léitheoir iontuigthe a bhí i gceist. Cuid den oiriúnú agus den athchóiriú san, gan dabht, ab ea na haistriúcháin Bhéarla a chuir Mícheál Óg agus a chlann mhac ar fáil. Lamhálfar dom i dtosach, áfach, téarmaí áirithe tagartha a lua agus an cur chuige nó an mhodheolaíocht agam a leagadh amach níos soiléire anso.

Tá sé áitithe cheana féin i mbaill eile agam⁴ nach féidir ráitisí ginearálta a dhéanamh i gcás na scríobhaithe ar fad (agus bhí mórán ann acu), iad súd a bhí i mbun oibre san ochtú agus sa naoú haois déag. Tá aon chúis shimplí amháin agam leis sin, agus is é cúis é nárbh ionann na cúinsí soch-chultúrtha ná, go deimhin féin, na cúinsí socheacnamaíochta sna líomataístí éagsúla tíre go raibh scríobhaithe ag saothrú iontu. Ó mo chuid taighde féin ar mhuintir Longáin, mar shampla, is léir dom gur thacaigh an príomhshuíomh tíreolaíoch lenar bhaineadar, Carraig na bhFear ar chiosa chathair Chorcaí, gur thacaigh sé sin leis an obair thoirtíúil a chuireadar i gcrích sa tréimhse iarchlasaiceach. Ní miste, ina theannta san, an tírdhreach fisiciúil féin a chur san áireamh chomh maith, gréasán na mbóithre agus a gcineál, cuirim i gcás – cúinsí fisiciúla a chabhraigh go mór, ní foláir, le soghluaisteacht agus le taisteal pearsanta. Tá a fhios againn gur tháinig forbairt mhór ar na bóithre isteach go cathair Chorcaí ó bhaill maguaird i dtosach na hochtú haoise déag anall go dtí lár na haoise céanna.⁵ Dá éagmais sin, tá sé áitithe gur chabhraigh cúinsí eacnamaíochta agus gréasáin shóisialta cheantar na Mumhan trí chéile, gur chabhraigh siadsan go mór le saothrú lámhscríbhinní ansúd murab ionann agus cás Chonnacht, mar shampla.⁶ Tagann an fhianaise ósna lámhscríbhinní féin leis an méid sin, sa mhéid gur léir iontu an réimse leathan teangmhála a bhí ann i measc scoláirí Gaeilge na Mumhan san ochtú agus sa naoú haois déag, idir fhilí na gcúirteanna éigse, scríobhaithe agus a gcuid pátrún.

Iníúchadh sioncronach a chuireas féin romham nuair a roghnaíos muintir Longáin d’fhonn teacht ar thuiscintí éigin i dtaobh comhthéacs áirithe cultúrtha in Éirinn sa tréimhse iarchlasaiceach.⁷ Is í an fhianaise ón domhan Gaelach a theastaigh uaim a rianadh. Scríobhaithe bisiúla ab ea na Longánaigh – is acusan atáimid fé chomaoin toisc

⁴ Ní Úrdail (2000); cf. Ní Úrdail (1997: 224-5).

⁵ Smyth (1993: 664-5, 672-9).

⁶ Cullen (1969), (1990).

⁷ Ní Úrdail (2000).

oiread lámhscríbhinní Gaeilge a bheith tagaithe anuas chugainn uathu. Clúdaíonn an *corpus* Longánach an tréimhse iarchlasaiceach ar fad, ó 1711 (dáta na lámhscríbhinne is luaithe a scríbh Mícheál mac Peadair) go dtí 1880 (an bhliain a cailleadh Seosamh Ó Longáin).⁸ Tá seans linn, ina theannta san, go bhfuil a oiread san colafan, nótaí imill, ceannscríbhinní cuimsitheacha agus leitreacha againn ó Mhícheál Óg Ó Longáin, mar shampla, a thugann léas léargais dúinn ar chuid de chomhthéacs seachadadh téacsáí san am úd. Is ar phearsain áirithe, más ea, orthu súd a bhí gníomhach ‘ón dtaobh istigh’, i.e. orthu súd a bhí rannpháirteach i saothrú na litríochta atá an bhéim anso. Toisc gur ar phearsain fé leith atá an bhéim, agus ar a gcomhthéacs cultúrtha, cúngaítear dá réir ar an anailís – cur chuige ná fuil neamhchosúil leis an antraipeolaíocht chultúrtha mar a chleachtann lucht leanúna Clifford Geertz í.⁹

3. AN CÚLRA SOCH-CHULTÚRTHA AGUS SOCHREILIGIÚNDA

Tá taobh eile leis an machnamh so nár mhiste a lua. Bhí doiléire nó scaoilteacht ag teacht chun cinn i dtaobh cheist an aitheantais i measc an phobail Angla-Éireannaigh sa tír seo san ochtú agus sa naoú haois déag. Níor Shasanaigh iomlána iad na Protastúnaigh in Éirinn, ná ní mó ná san a d’fhéachadar orthu féin mar Ghaeil.¹⁰ Déachas áirithe i leith a tíre féin agus féincheistú, leis, a léirigh Jonathan Swift (1667-1745), cuirim i gcás, ina phaimfléidí polaitiúla; mhachnaimh údair ar nós Maria Edgeworth (1767-1849) agus Lady Morgan *al.* Sydney Owenson (*ob.* 1859) go fiosach ar a bpobal comhaimseartha agus ar an mbaint a bhí acu lena dtimpeallacht shóisialta. Luas ó chianibh na tuiscintí ar an gcultúr Gaelach a bhí ag athrú agus ag teacht chun cinn ag an am. Bhí aird ar leith á tabhairt ag Angla-Éireannaigh ar fhoinsí dúchais liteartha i lámhscríbhinní Gaeilge; chuireadar suim i gcáipéisí staire agus sa tseandálaíocht. Cuid den iarracht ab ea é seo, gan dabht, ar theacht ar thuiscintí nua orthu féin, ar a gcúlra agus ar a n-aitheantas. Ní hamháin gur chuaigh na tuiscintí nua so i bhfeidhm ar sheachadadh téacsáí i lámhscríbhinní sa tréimhse iarchlasaiceach, ach chuaigh an t-athrú intleachtúil i bhfeidhm

⁸ Ó Conchúir (1982: 88-158).

⁹ Geertz (1973: 3-30).

¹⁰ Cf. Breatnach (1965: 88-97); Beckett (1986: 424-70); Deane (1987: 90-113); Flanagan (1989: 482-522); Leerssen (1996: 294-376).

ar ról agus ar *milieu* an scríobhaí chomh maith céanna. Leathnaigh comhthéacs shaothrú léann na Gaeilge amach go mór, más ea, san ochtú agus sa naoú céad déag.

Ní miste a mheas, b'fhéidir, ar bhonn a bhfuil ráite go dtí seo i dtaobh an aitheantais, gur mó de ghaol ceachtartha seachas de dheifreacha soch-chultúrtha nó de dheifreacha creidimh a bhain le comhthéacs shaothrú léann na Gaeilge san ochtú agus sa naoú haois déag. Tuigtear dom ina theannta san nárbh fhéidir a áireamh gur chúlra Caitliceach, gur chúlra tuaithe, ná go deimhin, gurbh í teanga na Gaeilge amháin bunchloch chultúr mhuintir Longáin. Thaithíodarsan *milieu* soch-chultúrtha agus cúlra sochreiligúnda a bhí níos casta ná mar a chuireann na lipéadaí sin in úil. Bhain soghluaisteacht shóisialta go mór lena saol, sa mhéid gur bhog na scríobhaithe seo isteach go saoráideach i ndomhan cathrach an Bhéarla agus dheineadar a gcuid féin de. Ní léir dom mar sin gurbh fhéidir an méid seo as *The Hidden Ireland* le Dónal Ó Corcra (1878-1964) a thagairt ar fad dá gcás:

The slatternliness of the Big House was barbaric: there was wealth without responsibility. The slatternliness of the cabin was unredeemed, unless one looks into the soul of things. And between high and low there was, all authorities agree, no middle class; and consequently a dearth of the virtues for which that class stands.¹¹

Cuireadh i leith Uí Chorcra gur leag sé béim rómhór ar dhearóile agus ar dhuirceas an tsaoil Ghaelaigh san ochtú haois déag.¹² Is fíor, gan dabht, gur thuig Mícheál Óg Ó Longáin, cuirim i gcás, an bhochtaineacht go maith agus luann sé tréimshí ina shaol a bhí go hangarach. I gceannscríbhinn a scríbh sé lena dhán dar tús *Fuacht na scailpe-se*, mar shampla, labhair sé 'iar mbeith dho 'na chónaí i mboth bheag dhearóil mhóirdheataigh agus i ndrochfheirm thalún an tan sin, noch do bhí ródhaor air, i bparóiste Dhúna Boilg nó Carraige na bhFear in aice Chorcaí isin mbliain 1822':

Fuacht na scailpe-se, deatach is gaoth gheimhridh,
cruas na leapa so 's easpa brait lae is oíche,
muarchuid teacsanna, deachuithe is glaoch cíosa,
tug buartha cathach me, easbathach éagointeach.

Mo scuaine leanbh go dealbh gan aon ní acu,
's an tsuaircbhean chneasta, a mbanaltra bhéilbhinn sin,
cruas na reachta so ag Gallaibh dár ngéirdhíbert,
do bhuaire, do mheathlaigh, do mhairbh go léir mh'intinn.

¹¹ Corkery (1967⁵: 25).

¹² Cullen (1969: 8-9); Ní Chinnéide (1973: 96); Lyne (1975: 69-71), (1976: 32-3).

Ar cuaird dá dtagadh sin, caraid dom fhéafraí-se,
níor thualang mh'acfainn a fhreastal ná a chomhdhíon liom,
ag sluaite Danar ag taisteal gach aon oíche
ar fuaid ár mbailte ag bagar an chlaondlí orainn.¹³

Bhí cur amach ag Mícheál Óg, is fíor, ar an gcruatan agus ar an lom-angar, agus níl aon amhras ná go n-oireann an tagairt don 'slatternliness of the cabin' úd Uí Chorcra do dhála Mhíchíl Óig anso. Ar a shon san, áfach, ní heol dom cérbh iad na 'authorities' a deir Ó Corcra a bhí ar aon aigne mar gheall ar leagan amach an phobail san ochtú céad déag; ná ní fheadar ar cheart glacadh ar fad le coincheap an 'high and low' a deir sé a bhí ag na húdair anaitheanta so i dtaobh an phobail agus an chultúir san am san. Tá catagóiriú ródhocht á chur in ócáid anso, is dóigh liom. Pé ní mar gheall ar mheánaicme sa ghnáthchéill gan a bheith ann, róshimpliú is ea fós é, is dóigh liom, dhá dhream a bheith scartha glan amach óna chéile gan aon lucht láir in aon chor a bheith idir eatarthu.

Le tamall de bhliantaibh anuas, tá an machnamh ceartingearach san ar phobal na tíre seo agus ar an gcultúr á cheistiú: anailís intleachtúil a dhíríonn ar chosúlachta sa phobal agus sa chultúr a theastaíonn.¹⁴ Téann an fhianaise ón domhan Gaelach san ochtú agus sa naoú haois déag go mór sa treo san, braithim; is mó de ghaol ceachtartha agus de choidreamh dáthaobhach a bhain le scoláireacht agus le saothrú léann na Gaeilge ná mar a chuir Ó Corcra in úil, b'fhéidir, ina leabhar *The Hidden Ireland*. Leis an athrú intleachtúil a tháinig chun cinn i leith an aitheantais náisiúnta, a luas cheana anso, mar shampla, is amhlaidh a bhí gréasán pobail agus leagan amach cultúir ann a bhí níos cuimsithí agus níos casta. Agus is mó d'idirghabhálaí, is mó de dhuine láir, a bhí sa scríobhaí go minic sa tréimhse iarchlásaiceach. B'shin cuid de ról mhuintir Longáin, pé scéal é, agus iad ag saothrú léann na Gaeilge i *milieu* go raibh idir chathair agus thuath, idir Bhéarla agus Ghaeilge, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh mar chuid de: duala éagsúla soch-chultúrtha agus sochreiligiúnda fillte ar a chéile.

4. NA SCRÍOBHAI THE FÉIN AGUS A GCUID PÁTRÚN

Ní miste ag an bpointe seo roinnt desna duala san a rianadh níos mine anois agus féachaint ar cad iad na nithe ba mhó a bhain le hobair an scríobhaí agus le comhthéacs a

¹³ Ó Donnchadha (1994: 128); cf. Ó Conchúir (1982: 122-3).

¹⁴ Connolly (1986), (1996); feic, chomh maith, an réamhrá le Connolly (2001²: 11-29).

chuid oibre. Chuige sin, féachfad ar na seachadóirí aonair ón dteaghlach bisiúil sin na Longánach. Tógfad ina nduine is ina nduine iad d’fhonn léargas éigin a thabhairt ar dhála an scríobhaí agus ar a chúinsí sóisialta ó thosach na hochtú haoise déag go dtí deireadh na naoú haoise déag. Ní féidir sa chaint seo, áfach, mionchuntas beathaisnéise¹⁵ a thabhairt ar mhuintir Longáin, ach luafar nithe áirithe a bhraithim atá tábhachtach.

4.1 *An chéad ghlúin*

Más é Carraig na bhFear taobh le cathair Chorcaí an ball is mó a luaitear leis na scríobhaithe seo, ní go dtí i dtreo deireadh a shaoil a shocraigh Mícheál mac Peadair Ó Longáin sa bhall san. ‘Seachrán síoraí’, fé mar a chuir sé féin i gcolafan é,¹⁶ an sórt saoil a chaith sé, cur síos ná raibh amú in aon chor toisc gur bhain an taisteal go mór lena shaol ó thosach. Bailitheoir cíosa do Ghearltaigh, Ridirí an Ghleanna, i gContae Luimní ab ea é, rud a thabharfadh le fios go raibh mórán den seachrán le déanamh ag Mícheál mac Peadair ina cheantar dúchais agus go raibh stádas fé leith aige, ní foláir, i measc an phobail ann. Ceantar ab ea é seo, gan dabht, go raibh mórán de shaothrú an léinn ar siúl ann sa tréimhse úd – fé mar a thaispeáin Breandán Ó Madagáin, mar shampla, ina leabhar *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900*. Bhí Ó Longáin ocht mbliana déag sa bhliain 1711, an bhliain a scríbh sé a chéad lámhscríbhinn. Dhealródh sé go raibh baint aige le cúirt éigse na Máighe agus chuir Aindrias Mac Craith *al.* an Mangaire Súcach (*ca* 1708-95) fios ar an Longánach sinsearach go dtí an chúirt éigse i gCromadh chun fianaise a thabhairt i gcoinnibh Sheáin Uí Thuama an Ghrinn (*ca* 1708-75) timpeall na bliana 1750. ‘Saoirfhear sárghlic sítheoilte’ a thug Mac Craith féin ar Mícheál mac Peadair ina bharántas,¹⁷ rud a léireodh nach foláir nó bhí meas air mar scoláire agus mar shaoi eolgaiseach sa cheantar. Go deimhin, níl aon dul go gceadófaí do Mícheál mac Peadair a bheith rannpháirteach sa chúirt seo mura mbeadh teist an léinn air. Tá a fhios againn, mar shampla, ar fhianaise rialacha do chúirt éigse a thagadh le chéile sa Chlár san ochtú haois déag, gurb é ‘an fear fioreólach san nGaoidhilg’ an riachtanas ba thábhachtaí i measc

¹⁵ Tá cuntaisí beathaisnéise le fáil in Ó Conchúir (1982: 89-91, 100-33, 139-41, 146-49, 154-8); feic, leis, Ní Úrdail (2000: 35-133).

¹⁶ ARÉ LS 197 (23 O 37), lch 95.

¹⁷ Ua Duinnín (1906: 114-8); Ó Foghludha (1952: 227-30); Ó Fiannachta (1978: 136-8).

lucht léinn na gcúirteanna éigse.¹⁸ Ní iontach linn, más ea, gur chleacht Ó Longáin féin an fhilíocht, agus tá timpeall le seacht gcinn de dhánta is féidir a lua leis le deimhne.

Ní fios cathain go díreach a d'fhág Mícheál mac Peadair a áit dhúchais – is léir óna chuid scríbhinní gur chuaigh sé ar a chamchuid i gcontae Chorcaí agus i gCiarraí (go háirithe timpeall Chairbre). Chaith sé tréimhse ag obair i mBaile Átha Cliath i gcaogaidí luatha na hochtú haoise déag mar ar scríbh sé aon lámhscríbhinn amháin do Sheán Ó Fearghusa (*ob.* 1761),¹⁹ dochtúir cáiliúil sa phríomhchathair ag an am, go raibh bailiúchán substaintiúil de leabhair agus de lámhscríbhinní aige. Shocraigh an scríobhaí seachránach síos i gCarraig na bhFear i seascaidí an chéid sin, pé acu arbh é an grá nó seanaois, nó an dá rud, a thug air é sin a dhéanamh. Pé ar domhan é, saolaíodh an t-aon mhac amháin a bhí aige, Mícheál Óg, sa bhliain 1766, nuair a bhí sé féin tuairim is trí bliana déag is trí fichid. Dhá scór lámhscríbhinn, geall leis, atá tagaithe anuas chugainn a scríbh sé go hiomlán nó i bpáirt le scríobhaithe eile.

Cé gur beag é ár n-eolas beathaisnéise ar Mícheál mac Peadair ósna foinsí, is áirithe mar sin féin gur leathnaigh comhthéacs tíreolaíoch a chuid oibre amach go mór sa tslí is go raibh sé ag saothrú i mBaile Átha Cliath sa dara leath den ochtú haois déag. Más ag leathnú amach go tíreolaíoch a bhí sé, is féidir glacadh leis, measaim, gur dhlúthchiorcal é ciorcal na ndaoine go raibh sé féin ag cóipeáil dóibh: bhí sé ag soláthar scríbhinní do scríobhaithe eile i gcúirteanna éigse, mar shampla, do léitheoirí go raibh cumas sa Ghaeilge acu, don chuid is mó. (Chífidimid ar ball beag gur athraigh na cúinsí sin, do Mícheál Óg agus dá chlann mhac toisc gur tháinig pobal nua léitheoireachta chun cinn faid ar fhaid agus leathnaigh an ciorcal scolártha dá réir.) Cé nach féidir a bheith deimhnitheach de seo ar fad, 'cheal fianaise, ní foláir nó chuir Seán Ó Fearghusa an scríobhaí ó Luimneach in aithne don ngrúpa scoláirí a bhí i mbun léann na Gaeilge fé cheannas Thaidhg Uí Neachtain (*fl.* 1670-1752) agus a athar, Seán (*ca* 1650-1729), sa phríomhchathair. Tá fianaise áirithe sa treo san a thaispeáineann gur dócha gur mar sin a bhí. Díol suime is ea na ginealaigh a bhaineann le muintir Bhriain, mar shampla, a chóipeáil Mícheál mac Peadair idir na blianta 1760 agus 1762 ó fhoinsé gur thug sé féin 'Leabhar Breac Mhic Aodhagáin' uirthi. Leanann an t-abhar féin a mhacasamhail d'abhar

¹⁸ Ó Cuív (1964-6). Maidir leis na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan trí chéile, feic an cuntas cuimsitheach in Ó Conchúir (2000).

i Leabhar Bhaile an Mhóta focal ar fhocal.²⁰ Bhí an lámhscríbhinn sin ar iasacht ó Choláiste na Tríonóide ag lucht léinn Bhaile Átha Cliath i dtosach na hochtú haoise déag, agus cé gur fógraíodh ar iarraidh í sa bhliain 1743, ceaptar gur fhan an lámhscríbhinn i seilbh scoláirí Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin.²¹ Mura raibh Mícheál mac Peadair ag cóipeáil go díreach amach as an bhfoinse úd, más ea, ní foláir nó bhí cóip de Leabhar Bhaile an Mhóta ar fáil aige. Siúd is ná fuil eolas cruinn ann a thaispeáineann conas a tháinig Ó Longáin ar an lámhscríbhinn úd, is áirithe gur uaidh a tháinig abhar aisti aneas go Corcaigh.

Pátrún mór le rá eile dá chuid, dealraíonn sé, ab ea Seán Ó Briain, Easpag Chluana agus Rois (1748-69), é siúd gur tháinig foclóir Gaeilge-Béarla uaidh a foilsíodh i bPáras sa bhliain 1768.²² Cé ná fuil aon tagairt ina chuid lámhscríbhinní don Easpag, dhealródh sé, ón abhar féin a chuimsíonn ar stair agus ar ghinealach na mBriannach, go raibh Ó Longáin ag saothrú do idir na blianta 1759 agus 1762. Dá éagmais sin, d'áitímh an tEaspag i réamhrá a fhoclóra gurbh iad na foinsí staire ba thábhachtaí leis agus gurbh iad na hannála, mar shampla, 'the real & true antiquities of Ireland'.²³ Is deacair a shamhlú nár bhain Mícheál mac Peadair leis an dtionscnamh so, leosan a bhí, dar leis an Easpag, 'of the best skill in the Irish language',²⁴ leosan a bhí rannpháirteach i genósach focal don bhfoclóir. Duine eile atá iontuigthe, ní foláir, sa tagairt chéanna i réamhrá an Easpaig is ea Conchubhar Bán Ó Dálaigh (*fl.* 1760).²⁵ Is uaidh siúd a fuair an tEaspag Ó Briain an Leabhar Breac ar iasacht nuair a bhí sé ag obair ar an bhfoclóir. B'iad muintir Dhálaigh ónaeirí príobháideacha déanacha na lámhscríbhinní sin sarar dhíoladar í le Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1789.²⁶ Cairde ab ea Conchubhar Bán agus Mícheál mac Peadair – 'saoithe re seanchas sean' a thug Mícheál Óg Ó Longáin orthu i ndán, gurbh é 'gaois is greann a saoirghean';²⁷ agus tá aon lámhscríbhinn amháin fós ar marthain a scríbh an bheirt acu i bpáirt le chéile.²⁸ Abhar suime is ea é gur thagair Mícheál Óg Ó

¹⁹ Ó Catháin (1988).

²⁰ Ní Úrdail (2000: 140-1 n. 31, 142 n. 35).

²¹ Harrison (1988: 78-9).

²² Ó Conchúir (1982: 218-22).

²³ O'Brien (1768: xl).

²⁴ *ibid* (1768: xli).

²⁵ Ó Conchúir (1982: 58-9).

²⁶ *Ibid*.

²⁷ LNÉ LS G 143, lch 11; cf. M M LS 2, lch 101.

²⁸ M M LS 56(b); cf. Má Nuad, Clár, fasc. iii: 11-2.

Longáin don Leabhar Breac a bheith i seilbh a athar féin,²⁹ agus tá seans maith ann go bhfuair sé ar iasacht óna sheancharaid Conchubhar Bán é, mura bhfuair sé ón Easpag Ó Briain féin é.

Is féidir a mheas, más ea, go raibh soláthar agus seachadadh foinsí dúchais, agus éileamh orthu, ag brath ar choidreamh dlúth idir scoláirí agus scríobhaithe. Is féidir a mheas leis, measaim, ón gcoidreamh a bhí ag Mícheál mac Peadair ar an Easpag Ó Briain, cuirim i gcás, go raibh an scríobhaí fé anáil an chlóphreasa a bheag nó a mhór toisc gur sholáthraigh an Longánach foinsí staire i scríbhinn d'fhoclóir an Easpaig. Chuaigh an anál so i dtreise, fé mar a chífear ar ball anso, i gcás Mhíchíl Óig agus a chlann mhac.

4.2 *An dara glúin*

Ní hamháin gurb é Mícheál Óg Ó Longáin an scríobhaí is iomráití ón dteaghlach Muimhneach so, ach tá sé ar an scríobhaí is cáiliúla ón dtréimhse iarchlasaiceach ar fad, b'fhéidir. Tá os cionn 150 lámhscríbhinn againn uaidh a scríbh sé go hiomlán, nó gur scríbh sé formhór an abhair iontu, agus tá os cionn dhá scór lámhscríbhinn eile go bhfuil beagán díobh breactha ina lámh. Ina theannta san, luaitear os cionn 350 aiste filíochta leis sna lámhscríbhinní.³⁰ Ní hé toirt a shaothair amháin, gan dabht, is cúis le cáil Mhíchíl Óig mar scríobhaí agus mar scoláire. Mo thuairim féin gur oir scéal a bheatha, go háirithe an chuid sin dá shaol a chaith sé sna hÉireannaigh Aontaithe, gur oir sé sin go mór ar ball don idé-eolaíocht pholaitiúil a bhí ag conraitheoirí agus ag scoláirí Gaeilge sa tréimshé chorráithe i dtosach na fichiú haoise.³¹ Díol suime is ea na dánta mar aon le eolas ar bheatha Mhíchíl Óig a foilsíodh sna hirísí *Fáinne an Lae*, *Freeman's Journal*, *An Claidheamh Solais*, *The Leader* agus *Irisleabhar Mhuighe Nuadhad* idir na blianta 1910 agus 1926. An-léargas is ea na cuntaisí beathaisnéise, is fíor, ar na húdair féin a scríbh iad toisc go dtaispeáineann siad an tuiscint chomhaimseartha ar choincheap an aitheantais i mblianta tosaigh an chéid. Leagtar béim ar chreideamh Caitliceach Mhíchíl Óig, cuirim i gcás, ar a dhílseacht dá theanga dhúchais agus ar a dhearcadh poblachtánach – buntréithe

²⁹ ARÉ LS 491 (23 E 16), lch 332.

³⁰ An uimhir achomair seo luaite in Ó Conchúir (1982: 101). Tá eagrán d'fhilíocht Mhíchíl Óig á chur in eagar fé láthair ag an Ollamh Breandán Ó Conchúir, Corcaigh.

³¹ Cf. Ní Úrdail (1997: 242-3).

an Ghaeil i súilibh na scoláirí a d'fhoilsigh na hailt úd, is cosúil. Déanfar leor anso le haon sampla amháin, ó alt dar teideal 'Michael Og O'Longan (A Brief Sketch of his Life)' a foilsíodh sa bhliain 1919. Is mar seo a thosnaíonn an t-údar anaithnid:

Animated by a true national spirit, the present generation of the Irish race are striving and hoping for the day when our land shall once more attain to her rightful place amongst the free nations of the world. And while we admire the fortitude shown by our ancestors in times of cruel persecution, we naturally wonder how the spirit of Irish Nationality survived the onslaughts of seven hundred and fifty years. ... Amongst those who contributed much to the success of the national resistance were the Irish poets of the seventeenth and eighteenth centuries. Of these poets, not the least famous was the subject of the present sketch – Mícheál Óg Ó Longáin.

D'áitimid an t-údar ina chlabhsúr ar an gcuntas:

The greatest honour is due to O'Longan, poet and patriot. His love of country was deep and lasting. He did all he could to gain for her once more her freedom, and to the end Ireland and things Irish engrossed his attention. When the rising of '98 had failed, O'Longan did not despair, but, despite hardships and dangers, worked bravely on writing poetry calculated to keep aflame the spirit of piety and patriotism in his persecuted country. It is for us to-day to see that his work was not in vain; it is our duty to become acquainted with his writings...³²

Is fuirist mar is féidir an chaint bhladhmanach so a shuíomh i gcomhthéacs guagach na linne úd, in am nuair ná raibh neamhspleáchas na hÉireann féin bainte amach.

Is é Tadhg Ó Donnchadha *al.* Torna (1874-1949) ó Charraig na bhFear an duine is mó, b'fhéidir, a dhírigh aird ar Mhícheál Óg Ó Longáin mar fhile poblachtánach agus mar fhile cráifeach araon. Ag caint do ar dhánta cráifeacha Uí Longáin, cuirim i gcás, thuairimigh Torna go raibh iontu 'that spirit of personal devotion so intimately connected with the national language, and which formed one of the greatest assets of the Catholic Faith in Ireland in times of trouble and persecution'.³³ I 1918, dhá bhliain tar éis a cheapacháin mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh, d'fhógair Torna duais i gcuimhne ar a chomhpharóisteánach.³⁴ Cuireann an cás so Mhíchíl Óg cuid áirithe de chás níos leithne ar na súilibh dúinn agus is é cás é an claonadh áirithe i scoláirí go raibh baint acu le Conradh na Gaeilge filí fé leith (agus go deimhin téacsáí fé leith leis) a chur chun cinn ar mhaithe leis an idé-eolaíocht. Ní hionann san is a rá, gan dabht,

³² 'Scotus' (1919: 93-4).

³³ Ó Donnchadha (1914: 491); cf. Ní Úrdail (2000: 97-8).

³⁴ Ní Úrdail (2000: 96). Bronntar duais bhliantúil Uí Longáin fós in Ollscoil Chorcaí don phársa próis, nó don dán is fearr as Gaeilge ó mhac léinn.

nach féidir a bheith fé anáil chomhthéacs ár n-ama féin, nó ár ndála pearsanta féin b'fhéidir, san anailís scolártha. Ní miste, áfach, i gcás na bhfilí sa tréimhse iarchlasaiceach, an tréimshe is suim linn anso, féachaint arís ar na catagóirí machnaimh a chuir eagarthóirí na filíochta féin i bhfeidhm, toisc go mb'fhéidir gur mó de léiriú na catagóirí sin ar chomhthéacs intleachtúil na n-eagarthóirí, seachas ar chomhthéacs na bhfilí féin a chum an fhilíocht. Guth an fhile, más ea, seachas guth an eagarthóra a mheánn.

Ag filleadh arís dúinn ar Mhícheál Óg féin anois, níl aon dabht ná gur thuig sé gur de bhunadh maith scolártha é nuair a d'admhaigh 'gur ghlac náire méi. bheith ag dul re meadaracha. Ní chuala ag aon dá ttáinig reomham [dá] dhéanamh'.³⁵ Is mar chuid de chuntas dírbheathaisnéise a scríbh sé é sin, Lá Lúnasa na bliana 1791. Thagair sé dá chuid scolaíochta agus do bheith ag foghlaim na Laidine agus na Matamaitice sa chuntas céanna. Chuaigh sé i mbun pinn nuair a bhí sé timpeall naoi mbliana déag d'aois, an dáta is luaithe sna foinsí uaidh. Go deimhin, dob é a chumas mar scríobhaí is mó a d'úsáid sé idir na blianta 1797 agus 1799 nuair a bhí sé ina bhall desna hÉireannaigh Aontaithe, mar a luas anois beag. Toisc gur ag scríobh agus ag tabhairt teachtaireachtaí agus leitreacha timpeall a bhí sé, don chuid is mó, an uair sin, ní i gcónaí a fhéadfadh sé a bheith deimhneach de ná scéifeach spiaire air leis na húdaráis. Is minic a luaigh sé an chontúirt seo ina chuid nótaí agus thrácht sé 'ar na tíoránachaibh' agus ar 'na búir' a bhí sa tóir air ag an am. Tá áireamh déanta leis, mar shampla, ar 'Mr. Long, a schoolmaster' go raibh leitir dá chuid le 'some words in old Irish written on it' i dtuairisc oifigiúil ar chúirt airm i gcathair Chorcaí i Meitheamh na bliana 1799.³⁶ Ba lú an chontúirt go scéifí air, dá mbeadh eolas fé rún aige i gcódscribhinn, gan dabht.

Tá fáil, go deimhin, ar a leithéid de scríbhinn i lámhscríbhinní Gaeilge de chuid an ochtú agus an naoú céad déag, scríbhinn dar teideal *ogham órdha*.³⁷ Is ó Mhícheál Óg féin a thagann na solaoídí is túisce dá bhfuil againn di. Tugtar le fios sa chur síos atá déanta uirthi i gcatalóga na lámhscríbhinní go bhfuil diamhaireacht, go deimhin féin

³⁵ LNÉ LS G 99, lch 29; cf. Ó Conchúir (1982: 101); Ní Úrdail (2000: 44).

³⁶ Power (1997: 174-5).

³⁷ Ní Úrdail (1999).

rúndiamhaireacht chomh maith, ag baint léi.³⁸ Sa bhliain 1795, leag Ó Longáin amach hocht gcinn de ghutaí agus dhá dhéfhoghar (*ia, ua*) – tá idirdhealú anso aige idir ghutaí glana agus déghrafa/défhoghair – chomh maith le srónach (*ng*) agus le consan anáilaithe. Tá siad so go léir i bhfoirm ‘sómpladh’ de chuid *ogham órdha* aige.³⁹ Dob fhéidir a áiteamh go raibh cúis an-phraiticiúil aige i gcruthú códscribhinne mar í. Tá fianaise raidhsiúil ann ina chuid filíochta agus ina chuid próis gur thaobhaigh sé le reibiliúnaigh i gCorcaigh agus i mbaill máguaird i rith nóchaidí na hochtú haoise déag. Bheadh ar a chumas, gan dabht, earraíocht a bhaint as an gcoidreamh idir é féin agus scríobhaithe an cheantair chun leitreacha agus eolas ó chumainn áitiúla na nÉireannach Aontaithe a scaipeadh le héifeacht agus fé rún. Oscailt bhreise súl sa treo san is ea an colafan a chuir sé leis an sampla is luaithe seo de *ogham órdha* mar a ndeireann sé ‘Mícheál Óg Ó Longáin do scríbh san chuim [a] úsáide féin 7 na n-óglach nGaolach’.⁴⁰ De réir nóta a scríbh sé sa bhliain 1799 tá a fhios againn aon ‘óglach’ amháin, gur theastaigh ó Mícheál Óg an scríbhinn seo a mhúineadh do, dá charaid, Mícheál mac Parthaláin Ó Caoimh (*ob.* 1806), scríobhaí ó Charraig na bhFear.⁴¹ Cás an-shuimiúil atá anso againn, is dóigh liom, a thaispeáineann gur thuig Ó Longáin éifeacht na scríbhinne mar mheán agus gur thuig sé a thábhacht féin mar chruthaitheoir – ní hamháin go raibh ar a chumas scríbhinn a úsáid agus a chaomhnadh, ach bhí sé ábalta ar scríbhinn a chruthú chomh maith céanna.

Mo thuairim gurbh í an tuiscint sin, b’fhéidir, a spreag Mícheál Óg féin agus a chlann mhac chun leanúint den lámhscríbhneoireacht, fiú nuair a bhuaill an dearóile iad. I mblianta tosaigh na naoú haoise déag, cuirim i gcás, bhí ar an scríobhaí ó Charraig na bhFear imeacht óna cheantar dúchais in am an ghátair agus dul go dtína ghaolta i Luimneach.⁴² Is é an rud is suimiúla mar gheall ar a thréimshe as baile, áfach, ná gur choimeád a sheanchara Donnchadh Ó Floinn (*ca* 1760-1830)⁴³ ar an eolas é i dtaobh a chomhscríobhaithe i gCorcaigh. Tá na litreacha a scríbh Ó Floinn go dtí Mícheál Óg idir

³⁸ Deirtear linn, mar shampla, gur ‘secret script’ de shórt atá in *ogham órdha*, gur ‘cypher’ de shórt é agus deireann an cláraitheoir linn i mball eile gur ‘ogham aisteach’ é; cf. Ní Úrdail (1999: 149 n. 1).

³⁹ ARÉ LS 465 (23 N 20), lgh 5-6.

⁴⁰ ARÉ LS 465 (23 N 20), lch 6i; cf. Ní Úrdail (1999: 157-8).

⁴¹ ARÉ LS 493 (23 C 18), lch 123; cf. Ó Conchúir (1982: 37 n. 230) agus Ní Úrdail (1999: 152 n. 14). Tá cuntas ar Ó Caoimh mar aon le liosta dá chuid lámhscríbhinní in Ó Conchúir (1982: 37-8).

⁴² Ó Conchúir (1982: 107-11); Ní Úrdail (2000: 57-62).

⁴³ Ó Conchúir (1982: 69-77).

na blianta 1803 agus 1806 fós ar marthain agus tugann siad an-léargas dúinn ar an ngréasán coidrimh a bhí ann idir scoláirí Gaeilge i dtosach na naoú haoise déag. Tá tagairtí iontu do Charles Vallancey (1721-1812), duine de bhunaitheoirí Acadamh Ríoga na hÉireann, mar shampla, agus don Athair Pól Ó Briain (1763-1820), Ollamh le Gaeilge i Má Nuad;⁴⁴ agus luaitear scríobhaithe i gCorcaigh, leis, Seán Ó Coileáin (*ca* 1754-1817), Mícheál Ó Caoimh (*supra*), Cormac Ó Fithcheallaigh (*ca* 1748-1831) agus Seán Ó Muláin (*ob.* 1826), mar shampla.⁴⁵ Is léir chomh maith go mbíodh malartú lámhscríbhinní ar siúl idir an Longánach agus Ó Floinn. Oscailt eile súl ar an gcoidreamh fairsing idir scríobhaithe san am san is ea na haistí filíochta a chuireadh Mícheál Óg go scríobhaithe agus go scoláirí éagsúla i gCairbre, i Múscraí agus i gcathair Chorcaí.⁴⁶ Má bhí sé scartha féin ó cheantar Chorcaí i mblianta tosaigh na naoú haoise déag, chabhraigh na gréasáin chumarsáide leis, mar sin féin, leanúint de shaothrú an léinn.

Grod go leor tar éis do Mhícheál Óg filleadh ar Chorcaigh sa bhliain 1807 is ea a luaitear pátrúin dá chuid oibre. Is léir óna chuid lámhscríbhinní an tábhacht a bhí ag lucht gnótha agus ag lucht eaglaise le cur chun cinn na Gaeilge liteartha sa chéad cheathrú den naoú haois déag. Ar na pátrúin ba thábhachtaí, b'fhéidir, bhí Seán Ó Murchú, Easpag Chorcaí (1815-47)⁴⁷ agus an bancaeir iomráiteach, Séamas de Róiste (1770-1853); bhí páirt mhór ag de Róiste sa tsaol poiblí i gcathair Chorcaí sa chéad leath den naoú haois déag: ceapadh ina uachtarán ar an *Cork Library Society* é, b'é céad chisteoir an *Cork Savings Bank* é a bunaíodh sa bhliain 1817, agus nuair a bunaíodh Ollscoil na Banríona sa bhliain 1845 bhí cuid mhór buíochais ag dul don mbrú a chuir de Róiste go háirithe ar an rialtas ag an am.⁴⁸ Chuaigh an phátrúintacht a thug an bheirt san sna blianta ó 1817 go dtí 1821 chun fónaimh do Mhícheál Óg.

Chuir Ó Longáin aithne ar scríobhaithe agus ar phátrúin eile tré Sheán Ó Murchú – go deimhin, chuir an tEaspag a anál féin fé shaothair lámhscríbhinne Mhíchíl Óig chomh maith. Ní hamháin go raibh prós agus filíocht ó fhoinsí dúchais á gcóipeáil ag an Longánach, mar shampla, ach d'aistrigh sé abhar cráifeach nua go Gaeilge ó shaothair

⁴⁴ Ní Úrdail (2000: 186 n. 10, 75 n. 126); tá nóta chomh maith ar an Athair Ó Briain mar aon le breis tagairtí in Ó Conchúir (1982: 273 n. 510).

⁴⁵ Ní Úrdail (2000: 61 n. 65); cf. Ó Conchúir (1982: 73).

⁴⁶ Ní Úrdail (2000: 61-2); cf. Ó Conchúir (1982: 109).

⁴⁷ Ó Conchúir (1982: 222-4); Bolster (1989: 229-319); cf. Ní Úrdail (2000: 68 n. 91, 212 n. 59).

⁴⁸ Cf. Ó Conchúir (1982: 209-11).

Bhéarla agus Laidine chomh maith idir na blianta 1818 agus 1834: *The Sinner's Guide*, *The Life of Miss Nano Nagle*, *Converse with God*, leagan Béarla de *Gesta Romanorum*, an cuntas Laidine ar bheatha Phroinséis, cuirim i gcás, leabhair a bhí i leabharlann an Easpaig Uí Mhurchú.⁴⁹ Ní foláir nó bhí stádas fé leith bainte amach ag Mícheál Óg i gciorcair léinn chathair Chorcaí fén mbliain 1818. Is sa bhliain sin a bunaíodh brainse den *Gaelic Society* sa chathair agus chum Pól Ó Briain⁵⁰ dán ag cur a bheannachta ar an gcumann: luaitear Mícheál Óg mar aon le Seán Ó Murchú, ‘easbog ionraic Chorcaighe’ agus le Donnchadh ‘án’ Ó Floinn sa dán úd.⁵¹

Ní féidir, gan dabht, ach scothbhualadh éadrom a thabhairt anso do shaol Mhíchíl Óig. Luaim na blianta ó 1817 go dtí 1821, an tréimhse is bisiúla saothar, áfach, mar go léiríonn sí ar na hathruithe a tháinig chun cinn i ról an scríobhaí agus ar na himpleachtaí a bhí ag na hathruithe sin do féin. Luas cheana an dlúthchiorcal daoine go raibh Mícheál mac Peadair ag cóipeáil dóibh, léitheoirí go raibh cumas sa Ghaeilge acu. Fé bhlianta tosaigh na naoú haoise déag, áfach, is léir leathnú amach níos mó a bheith ag teacht ar chomhthéacs seachadadh téacsaí, sa mhéid go raibh lucht gnótha agus lucht eaglaise i bpáirt le chéile ag tacú le scoláireacht na Gaeilge. Bhí réimse na teangmhála an-leathan ar fad. Ní sa ‘bhoth bheag dhearóil mhóirdheataigh’ ná sa ‘drochfheirm thalún’ (mar a chuir Mícheál Óg é i gceannscríbhinn leis an dán dar tosach *Fuacht na scailpe-se*⁵²), ní sa chomhthéacs san amháin a bhí sé ag saothrú ach bhain cúlra na cathrach chomh maith go mór lena ghnó. Bhí, mar thoradh air sin, ní nach ionadh, pobal nua léitheoireachta aige, pobal ná raibh eolgaiseach go minic ar an nGaeilge. Níor thosnaigh an tEaspag Ó Murchú ag foghlaim Gaeilge, cuirim i gcás, go dtí go raibh sé an dá scór, agus cé ná fuil fianaise againn ar chumas de Róiste sa teangain, thagair Breandán Ó Conchúir ina shaothar cuimsitheach *Scríobhaithe Chorcaí* do thabhairt suas an Róistigh sna Clasaicí agus i dteangacha na Mór-roinne.⁵³ Chímíod mar sin i dtimpeallacht tuaithe an scríobhaí agus i dtimpeallacht chathrach an ársaitheora dhá chomhthéacs chultúrtha agus sóisialta ag druidiúint i dtreo a chéile faid ar fhaid chun scoláireacht na Gaeilge a chur chun cinn.

⁴⁹ Ní Úrdail (2000: 215-8).

⁵⁰ Supra n. 44.

⁵¹ Ó Muirgheasa ([1934]: 99-102); Ó Muirithe (1993: 38-40). Tá tagairt sa dán, leis, do Chormac Ó Fithcheallaigh (supra n. 45).

⁵² Supra n. 13.

⁵³ Ó Conchúir (1982: 209).

4.3 *An treas glúin*

Ag féachaint dúinn ar an dtreas glúin sa teaghlach so, ar Pheadar, ar Phól agus ar Sheosamh Ó Longáin, is léir go rabhadar san chomh maith ag brath go mór ar an bpátrúntacht, agus dhein a n-athair deimhin de go mbeadh Peadar agus Pól i bpáirt leis an meitheal scríobhaithe a bhí i mbun oibre timpeall na bliana 1820 i gCorcaigh. D’fhostaigh an tEaspag Ó Murchú agus Séamas de Róiste Peadar agus Pól idir 1818 agus 1820 agus cé gur chaitheadar tréimhsí ag múineadh scoile chomh maith i gCarraig na bhFear, níor fhan an dealús ó dhoras orthu. Múinteoir ab ea Seosamh, leis, ach ar fhianaise a raibh le rá ag cigire a tháinig chuige sa bhliain 1854, is beag taitneamh a thug sé don phost úd agus is mó de phléisiúr a bhain sé as a bheith ag cóipeáil lámhscríbhinní.⁵⁴ Fé lár na naoú haoise déag bhí an-iarraidh ar scríbhinní as Gaeilge i measc cumann liteartha i mBaile Átha Cliath, rud a luafar arís anso. Dhíol clann mhac Mhíchíl Óig mórán abhair leis an ársaitheoir Thomas Phillipps (1801-67) i mBaile Átha Cliath, cuirim i gcás, idir na blianta 1846 agus 1850. Fé mar a chonaiceamar i gcás a n-athar agus i gcás a seanathar is áirithe gur chuir an coidreamh cathrach le réimse teagmhála na scríobhaithe seo – idir réimse soch-chultúrtha agus réimse theangeolaíochta. Ní foláir nó bhí clann mhac Mhíchíl Óig siúlach go maith ar an mbóthar go Baile Átha Cliath. Luaigh an díoltóir leabhar agus an foilsitheoir, Seán Ó Dálaigh (1801-78), gur bhuail sé le ‘Paul Long in Kilkenny on [his] way to Dublin, with about an assload of Irish MSS.’,⁵⁵ i leidir go dtí an t-ársaitheoir cáiliúil ó Chorcaigh, John Windele (1801-65), sa bhliain 1846. Chuir Ó Dálaigh scéala go dtí Windele arís an bhliain dar gcionn á rá go raibh ‘one of the Longs’ sa phríomhchathair nár thug sé puinn taitnimh do: ‘I can’t tell his name, but I know he is not Paul – at all events he has as much talk and prate as would be enough for a half dozen’.⁵⁶ Ní siúlach amháin a bhí na deartháireacha so ar Bhaile Átha Cliath ach bhí aithne leis orthu, is cosúil, sa príomhchathair.

⁵⁴ Ibid. (1982: 155-6); Ní Shéaghdha (1985: 12); Ní Úrdail (2000: 120).

⁵⁵ ARÉ Windele LS 12 L 10 f. 84r, luaite chomh maith in Ní Shéaghdha (1985: 12). Tá cuntas ar Windele in Ó Conchúir (1982: 188-90); maidir le hÓ Dálaigh, cf. de Brún (1986: 73-8), Ó Súilleabháin (1992: 279-80).

⁵⁶ ARÉ Windele LS 4 B 6, lch 963.

Nuair ná raibh aon fhéachaint suas ag clann mhac Mhíchíl Óig mar scríobhaithe profaisiúnta amháin, bhí oscailtí eile ann dóibh. Scríbh an tAthair Muiris Ciniféic (*ob.* 1885) leitir go dtí John Windele sa bhliain 1847, mar shampla, inar thagair don ‘great distress’ a bhí ar ‘Paul and Peter Long, our Irish scribes’. Lean sé air:

I hope that you may do something to relieve them in their present difficulties. They are expecting the office of interpreters at the forthcoming elections. As a great deal is in your power, I recommend them to your charity’.⁵⁷

Tagairt atá anso againn, dála an scéil, dosna fothoghcháin áitiúla roimis toghchán náisiúnta na bliana 1852. Tháinig iarratas ó Sheosamh Ó Longáin féin go dtí Windele naoi mbliana ina dhiaidh sin á iarraidh air ‘to get me on as a Poll Clerk at the next election’⁵⁸ – fothoghchán áitiúil na bliana 1861, is cosúil. Is mó de chomhartha na hiarrataisí seo ar ghnó breise a lamhálfáí don scríobhaí, dá mb’fhéidir in aon chor é – i.e. a dhátheangachas a chur in ócáid. Thagraíos cheana féin don scríobhaí mar idirghabhálaí nó mar dhuine láir sa phobal; taispeáineann na hiarrataisí seo ar son chlann mhac Mhíchíl Óig, go deimhin, go bhféadfaí idirghabhálaithe teangeolaíochta a thabhairt ar na scríobhaithe seo.

Pátrún tábhachtach ab ea John Windele, is fíor, agus chuireadh sé pátrúin eile i dtreo Pheadair is Phóil, is chun Seosaimh chomh maith. Bhí Windele ar dhuine desna daoine ba mhó i ndeisceart na tíre a bheartaigh ar scoláirí eile Gaeilge a bhaint amach – luas an coidreamh idir é agus Seán Ó Dálaigh ó chlainibh.⁵⁹ B’ é Windele a chuir scoláirí Gaeilge sa tuaisceart, leithéidí Roibeárd Mhic Ádhaimh (1808-95) ó Bhéal Feirste,⁶⁰ cuirim i gcás, i dteagmháil le clann mhac Mhíchíl Óig. Is dóichí gurb é Windele, leis, a dhein deimhin de go raghadh Seosamh Ó Longáin go Maigh Nuad sa bhliain 1848 chun lámhscríbhinní an Easpaig Uí Mhurchú a iniúchadh agus innéacs a chur leis an mbailiúchán a bhí fén am san ar sábháil i gColáiste Phádraig tar éis bhás an Easpaig.⁶¹ Grod ina dhiaidh sin, glacadh le hiarratas ó Windele go leogfaí do Sheosamh Ó Longáin

⁵⁷ ARÉ Windele LS 4 B 7, lch 135; cf. Ó Conchúir (1982: 148), Ní Úrdail (2000: 114). Sagart cúnta sa Teampall Geal ab ea an tAthair Ciniféic go dtí gur ceapadh ina shagart paróiste ar Ráth Chormaic é sa bhliain 1853. Tá a chnuasach lámhscríbhinní Gaeilge ar sábháil i Leabharlann na Cléire i gColáiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí; cf. Ní Úrdail (2000: 105 n. 33).

⁵⁸ ARÉ Windele LS 4 B 21, lgh 119-20; cf. Ó Conchúir (1982: 157), Ní Úrdail (2000: 121).

⁵⁹ *Supra* n. 55, n. 56.

⁶⁰ Ó Buachalla (1968); Blaney (1996: 123-33).

⁶¹ Ní Úrdail (2000: 127 n. 31, n. 32).

dul anonn go Londain go dtí Músaem na Breataine agus cuntas a dhéanamh ar lámhscríbhinní Gaeilge ansan. Cuireadh an cuntas úd Uí Longáin i gcrích sa bhliain 1855.⁶² Ceapadh Pól Ó Longáin mar scríobhaí in Acadamh Ríoga na hÉireann um a' dtaca céanna, agus deich mbliana ina dhiaidh sin sa bhliain 1865, fuair Seosamh post Eoghain Uí Chomhraí mar scríobhaí don Acadamh Ríoga. An réimse leathan úd a chonaiceamar i gcás thimpeallacht Mhíchíl Óig, mar sin, is i leithead fós a chuaigh sé dá chlann mhac. Go deimhin chítear, ina theannta san, ról an scríobhaí sa tréimhse iarchlasaiceach ag athrú agus ag leathnú dá réir sa mhéid gur dhlúthchuid dá gcuid oibre catalógú na bhfoinsí – ba chuid de ghnó a seanathar, Mícheál mac Peadair, an catalógú chomh maith, gan dabht, nuair a bhí seisear ag saothrú d'fhoclóir an Easpaig Uí Bhriain, a luas níos luaithe anso.

5. AN SCRÍOBHAÍ AGUS AN CLÓPHREAS

Ón uair go raibh an phátrúntacht fíorthábhachtach, níor mhór don scríobhaí cuimhneamh ar léitheoir iontuigthe a chuid oibre agus an t-abhar a réiteach dá réir. Cuirtear san áireamh anso tionchar an chlóphreasa ar chuma lámhscríbhinní ó Mhícheál Óg agus óna chlann mhac: chimid nithe ar nós clár an abhair, leathnaigh theidil, nótaí bunleathnaigh, teidil reatha, innéacsanna a soláthraíodh ar mhaithe leis an bpátrún, nó leis an léitheoir go raibh taithí aige ar leabhair phriondálta.⁶³ Go deimhin chuaigh anál roinnt chumann ar nós an *Gaelic Society* fé shaothrú an léinn agus fé ról an scríobhaí sa naoú haois déag. Ar an bpolasaí ba thábhachtaí a bhí ag an gcumann so, mar shampla, bhí priondail na bhfoinsí dúchais Gaeilge:

This Institution, associated December 11,th 1806, in order, by their united abilities and contributions, to rescue from mouldering decay and oblivion, such Irish Manuscripts on the language, jurisprudence, geography, botany, and statistics of their native country, as may conduce to the illustration of the literature, civilisation, customs, physical state, and history, both civil and ecclesiastical, of Ancient Ireland ... For this National undertaking, they have employed a copying Clerk, and transcribed many volumes of the fragments of our celebrated Brehuin Laws, with their accompanying Glosses, &c. which, with other works of great importance to the Institute's main object, are now ready for publication, as soon as the society is enabled to commit them to the press⁶⁴

⁶² Ó Conchúir (1982: 304 n. 166); Ní Úrdail (2000: 128-9).

⁶³ Ní Úrdail (1997: 231-4); Ní Úrdail (2000: 204-6).

⁶⁴ Ó Casaide (1934).

Tugtar fé ndeara an tagairt anso, dála an scéil, don ‘national undertaking’, tagairt, ní foláir, a chuireann pobal mór léitheoireachta in úil – cuid dhílis is ea í seo de mheán na priondála, gan dabht, mar is ag soláthar do phobal fairsing léitheoireachta a bítear. Ní hamhlaidh a bhíonn i gcás mheán na peannaireachta toisc go ndírítear ar an léitheoir aonair, ar an ‘léitheoir ionmhuin’ úd – fé mar a chuireadh Mícheál Óg agus a chlann mhac go minic é agus iad ag soláthar do phátrún aonair.⁶⁵

D’áirimh cumainn eile leis seachas an *Gaelic Society* – leithéidí an *Iberno-Celtic Society* (1818) agus an *Ulster Gaelic Society* (1830), an *Irish Archaeological and Celtic Society* (1853) agus an *Ossianic Society* (1853), mar shampla – an tábhacht a bhain le abhar dúchais a chur i gcló. Bhí dualgas fé leith, áfach, ar an scríobhaí (ar an ‘copying Clerk’ a luaigh polasaí an *Gaelic Society* thuas) i bpróiseas na clódóireachta, toisc gurbh é siúd a chabhródh le próiseas meicniúil na clódóireachta féin: b’shin é go díreach gnó Sheosaimh Uí Longáin, cuirim i gcás, nuair a chuir Acadamh Ríoga na hÉireann cóipeanna liotagrafaíochta ar fáil dá chóipeanna lámhscríbhinne de Leabhar na hUidhre, den Leabhar Breac agus den Leabhar Laighneach a scríbh sé sna blianta ó 1870 go dtí 1880. Is féidir tagairt a dhéanamh anso, leis, don chóip liotragrafaíochta a deineadh in 1844 den leabhar urnaithe Caitliceach, *Gáirdín an Anma*, ó leagan lámhscríofa le Pól Ó Longáin.⁶⁶ Ní miste a mheas ón méid seo ar fad, más ea, gur aontaíodh meán na peannaireachta agus meán na priondála i saothrú an léinn sa Ghaeilge ach gurbh é cumas an scríobhaí féin, go deimhin, a thug an dá mheán le chéile. Cé go raibh tábhacht ar leith ag an gclóphreas i seachadadh na bhfoinsí dúchais, bhí ar an scríobhaí mar sin féin a chion féin den obair a chur i gcrích.

6. LÁMHSCRÍBHINNÍ NA TRÉIMHSE IARCHLASAICÍ

Is ón dtréimhse iarchlasaiceach a thagann an líon is mó de lámhscríbhinní atá ar sábháil inniu againn i leabharlanna éagsúla ar fuaid an domhain agus i mbailiúcháin phríobháideacha chomh maith. Ar an bhfianaise a chuir scoláirí ar fáil ar scríobhaithe agus ar lámhscríbhinní i limistéirí éagsúla den dtír: Breandán Ó Buachalla ar Bhéal

⁶⁵ Ar an deifir idir an dá mheán, d’áitímh Walter Ong an méid seo: ‘Manuscript culture is producer-oriented, since every individual copy of a work represents great expenditure of an individual copyist’s time ... Print is consumer-oriented’ (1982: 122).

Feirste (1968), Breandán Ó Madagáin ar Luimneach (1974), Breandán Ó Conchúir ar Chorcaigh (1982), Éamonn Ó hÓgáin ar Chill Chainnigh (1990), Eoghan Ó Súilleabháin ar Phort Láirge (1992) agus William Mahon ar an nGaillimh (1996), cuirim i gcás, caithfear a mheas gur thréimhse bhisiúil scoláireachta í an tréimhse iarchlasaiceach. Ar a shon san, áfach, toisc aird a bheith á tarrac ar mheath na teangan féin agus ar mheathlú an dúchais, go háirithe sa naoú céad déag, téarmaí go mbíonn blas na diúltachta (ní áirím seanbhlas) orthu fé mar a bhíonn ar leithéidí ‘*decline*’ agus ‘*death of the Irish language*’ sa Bhéarla, samhlaítear an diúltacht go mór leis an dtréimhse, ní nach ionadh. Ní raibh sí gan a dearfach féin a bheith ag gabháil léi mar thréimhse, áfach, agus ná baineadh dála na teangan féin ó thábhacht na bhfoinsí raidhsiúla a bhí á gcur ar fáil. Go deimhin, cuireadh i bhfáth orainn roinnt bhlianta ó shoin⁶⁷ a luachmhaire atá lámhscríbhinní déanacha i dtraidisiún na Gaeilge: tá dánta tagaithe anuas chugainn a luaitear le Gormlaith, bean Néill Ghlúnduibh, go bhfuil cúig cinn acu i LNÉ G 200, lámhscríbhinn a scríbh Peadar Ó Gealacháin (1792/3-1861) ó Chontae na Mí sa bhliain 1839, ach ná fuil aon fháil orthu sna príomhfhoinsí ón séú agus ón seachtú haois déag.⁶⁸

Tá a mhacasamhail de chás le fáil sna foinsí Longánacha. Cuimhním anso, mar shampla, ar *Mo leaba féin dhamh, a Dhonnchaidh agus Roinneam a chompáin, chloinn mBriain*, dhá dhán a cumadh le hómós do Dhonnchadh Cairbreach Ó Briain, rí Thuamhan (1210-42).⁶⁹ Leagtar na dánta so ar Mhuireadhach Albanach Ó Dálaigh, duine desna filí is túisce a chum filíocht i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche.⁷⁰ Tá fáil ar an dá théacs so le chéile i lámhscríbhinn a scríbh Mícheál mac Peadair Ó Longáin uair éigin roimis 1770 (bliain a bháis);⁷¹ is uaidh siúd a chóipeáil Mícheál Óg iad idir na blianta ca 1800 agus 1820.⁷² Ní féidir a bheith deimhnitheach ar fad de, is fíor, gur chum

⁶⁶ Ní Úrdail (2000: 210 n. 52).

⁶⁷ ‘Ar thóir téacs agus údair i bhfilíocht na scol’, Léacht Reachtúil de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath ó Phádraig Ó Macháin, 28 Samhain 1997; cf. Ó Macháin (1998), leagan cóirithe den léacht úd.

⁶⁸ Leabhar Dhéan Leasa Mhóir agus Leabhar Fhearghail Uí Ghadhra, fá seach; cf. Ó Macháin (1998: 15-6). Maidir le hÓ Gealacháin, feic Dawson (1992).

⁶⁹ Ní Úrdail (2003).

⁷⁰ Ó Cuív (1961).

⁷¹ ARÉ LS 493 (23 C 18), lgh 73-5. Tá an dara cóip de *Roinneam a chompáin, chloinn mBriain* ó Mícheál mac Peadair in ARÉ LS 490 (23 N 15), lgh 168-9. Níl dáta ná síniú curtha le ceachtar den dá lámhscríbhinn; cf. RIA Cat.: 1411-22, 1354-70, fá seach, mar a bhfuil cur síos ar an dá fhoinsé seo.

⁷² ARÉ LS 253 (F vi 2), lgh 491-3, 508-9; M M 1, lgh 276-79, 288-9; cóipeanna de *Roinneam a chompáin, chloinn mBriain* amháin atá in ARÉ LS 256 (23 G 23), lgh 77-8 agus in ARÉ LS 263 (F i 2),

Muireadhach Albanach an dá dhán so nó nár chum. Níl aon dabht, áfach, ná go mbainid le *corpus* na filíochta clasaicí toisc go bhfuil tagairtí dóibh araon sna tráchtasí graiméir.⁷³ Más é, tá anso againn sampla den réimse leathan seachadta atá ag filíocht Mhuireadhaigh Albanaigh ó Leabhar Uí Mhaine sa cheathrú céad déag⁷⁴ anall go dtí foinsí luachmhara Mhichíl mhic Pheadair agus Mhíchíl Óig sa tréimhse iarchlásaiceach.

7. CLABHSÚR

Cuid dhílis de ghnó mhuintir Longáin mar scríobhaithe, fé mar a thuigeadar san é, ab ea an machnamh a dheineadar ar a ngnó féin mar sheachadóirí agus mar chaomhnaitheoirí téacsáí agus an tuiscint chomh maith céanna a bhí acu dá bpobal léitheoireachta. Más gonta féin an colafan coitianta ‘chum m’úsáide féin agus cháich’ ina gcuid scríbhinní, is dóigh liom, mar sin féin, go gcuireann sé an tuiscint dháthaobhach san in aigne na scríobhaithe seo in úil. Thuig Mícheál Óg agus a chlann mhac an tábhacht fé leith a bhain lena ngnó mar chaomhnóirí teangan, teanga a bhí, dar leo, ‘blasta’, ‘binn’, ‘caoin’, ‘cruinn’, ‘fíorshéimh’, ‘grinn’ agus ‘soiléir’. Bhraitheadar, dá réir sin, go raibh dualgas fé leith orthu na foinsí dúchais a shaoradh ó dhoircheacht dhuibheagánach, ‘ón ndorchadas ndearmadach ndanardha’,⁷⁵ fé mar a chuir Mícheál Óg é sa bhliain 1816. Is minic uimis sin, moladh acu ar phátrún a chur lámhscríbhinn dá scríobh agus ‘sin le searc 7 le sírionnmhuin don teanguin Ghaoidheilge, 7 d’fhonn a coimeád na beathuig tamall eile, 7 gan leigean a dul d’éag air fad’,⁷⁶ fé mar a chuir Peadar Ó Longáin é, mar shampla, sa bhliain 1828. Go bhfios dom, níl fáil ar ráitisí dá sórt i scríbhinní Mhíchíl mhic Pheadair, rud a thaispeáinfeadh gur dhlúthchuid den *milieu* scolártha a thaithigh seisean an Ghaeilge féin. Bhí, áfach, duala éagsúla soch-chultúrtha agus sochreiligiúnda le cur san áireamh i saothrú an léinn Ghaeilge fé thosach na naoú haoise déag (mar a luas níos luaithe anso). Níor mhór, mar sin, eolas luachmhar na bhfoinsí féin a chur in oiriúint don léitheoir aonair, don léitheoir ná raibh máistreacht ar léamh agus ar scríobh na Gaeilge

lgh 320-25. Don chur síos ar na lámhscríbhinní seo cf. RIA Cat.: 655-67, Má Nuad, Clár, fasc. i: 1-7 agus RIA Cat.: 675-87, 760-2, fá seach.

⁷³ IGT iii.443 agus IGT iii.888-9.

⁷⁴ Is sa bhfoinse sin atá an dán dar tosach *Déana mo theagosg, a Thríonóid*; cf. McKenna (1939: 266-70).

⁷⁵ Ón ‘Réamhrádh’ go dtí an léitheoir i Man. LS 76, lgh iii-iv; cf. Ní Úrdail (2000: 98 n. 216).

⁷⁶ Harv. LS 12, lch [iii]; cf. Ní Úrdail (2000: 106).

aige, ach go raibh suim aige, mar sin féin, san abhar dúchais. Bhí léitheoirí an abhair acu ag athrú agus sin é an fáth gur ghlac Mícheál Óg agus a chlann mhac dualgas an aistriúcháin orthu féin, cuirim i gcás, gnó nár ghá do Mhícheál mac Peadair a thógaint ar láimh. Léiriú ar an dtuiscint chomhaimseartha úd na scríobhaithe féin is ea an nóta so go dtí an ‘dear reader’ gan ainm a bhreac Mícheál Óg ar leathanach fáin timpeall na bliana 1830:

Dear Reader,

This little Book being only a Translation from the Original Irish, and it being so very necessary for the doing of it well to be equally well versed in both Languages, nor should I (so well aware as I am of my own deficiencies in either) have attempted it, but thinking it a pity, that such a valuable piece ... should be any longer buried in obscurity, from such of our Countrymen as are (to their great shame) unacquainted with their native tongue.⁷⁷

Ní hí an náire mhór a luann Mícheál Óg is gnó anso dhúinn. Táimid fillte thar n-ais arís ar an aitheantas Éireannach gur thráchtas cheana féin anso air, rud a thuig Ó Longáin a bhain go mór le lucht labhartha na Gaeilge agus le lucht labhartha an Bhéarla araon. (Cuirtear ar na súilibh dúinn féin sa lá atá inniu ann, go deimhin, nach miste an pháirtíocht san obair agus an chomhairle idirdhisciplíneach más ag cioradh ceist an aitheantais chéanna i litríocht an Bhéarla san ochtú agus sa naoú haois déag atáthar.) Diríonn nóta Mhíchíl Óig aird leis, áfach, ar chúlra shaothrú léann na Gaeilge a bhí ag athrú faid ar fhaid sa tréimhse iarchlasaiceach ach gur dhein scríobhaithe ar nós mhuintir Longáin a gcuid féin de.

⁷⁷ Sliocht as LNÉ LS G 96, lgh 13-4 (gan dáta). Tá an sliocht céanna i M DR LS 1, lgh 1-2, agus an dáta ‘July 30th 1829 Glenmire [*sic*]’ leis, agus i LNÉ LS G 100, lgh 27-8, agus ‘Glenmire [*sic*] May 16th 1832’ mar dháta leis; cf. Ní Úrdail (2000: 99 n. 218).

Ciorrúcháin

- ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.
Harv. Leabharlann Houghton, Ollscoil Harvard.
IGT: Osborn Bergin, 'Irish grammatical tracts', forlónadh curtha le *Ériu* 8-10, 14, 17 (1916-55).
LNÉ: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
M DR: Bailiúchán Uí Riada, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.
M M: Bailiúchán Uí Mhurchú, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.
Má Nuad, Clár Paul Walsh, *Catalogue of Irish manuscripts in Maynooth College Library*, fasc. i (Maynooth 1943), Pádraig Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fasc. ii-viii (Má Nuad 1965-73).
Man. Leabharlann John Rylands, Manchain.
RIA Cat.: Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy, fasc. i-xxviii (Dublin and London 1926-70).

Liosta Léitheoireachta

- Beckett, J.C.
1986 'Literature in English 1691-1800', eag. T.W Moody, W.E. Vaughan, *A new history of Ireland. Volume iv: eighteenth-century Ireland 1691-1800*, 424-70. Oxford.
Blaney, Roger
1996 *Presbyterians and the Irish language*. Belfast.
Bolster, Evelyn
1989 *A history of the diocese of Cork from the penal era to the famine*. Cork.
Breatnach, Risteárd A.
1965 'Two eighteenth-century scholars: J.C. Walker and Charlotte Brooke', *Studia Hibernica* 5, 88-97.
Connolly, Seán
1986 'Popular culture in pre-famine Ireland', eag. C.J. Byrne, M. Harry, *Talamh an Éisc: Canadian and Irish essays*, 12-28. Halifax, Nova Scotia.
1996 'Approaches to the history of Irish popular culture', *Bullán* 2 (Winter/Spring), 83-100.
2001² *Priests and people in pre-famine Ireland, 1780-1845*. Dublin.
Corkery, Daniel
1967⁵ *The hidden Ireland*. Dublin.
Cullen, Louis
1990 'Patrons, teachers and literacy in Irish', eag. M. Daly, D. Dickson, *The origins of popular literacy in Ireland*, 15-44. Dublin.
1969 'The hidden Ireland: a re-assessment of a concept', *Studia Hibernica* 9, 7-47.
Dawson, Ciarán
1992 *Peadar Ó Gealacháin: scríobhaí*. Baile Átha Cliath.
de Brún, Pádraig
1986 'The Irish Society's bible teachers, 1818-27' (cuid iii), *Éigse* 21, 72-149.
Deane, Séamus
1987 'Irish national character 1790-1900', eag. T. Dunne, *The writer as witness*, 90-113. Cork.
Flanagan, Thomas
1989 'Literature in English, 1801-91', eag. W.E. Vaughan, *A new history of Ireland. Volume v: Ireland under the Union, 1801-1870*, 482-522. Oxford.
Geertz, Clifford,
1973 *The interpretation of cultures*. New York.
Harrison, Alan
1988 *Ag cruinniú meala*. Dublin.

- Leerssen, Joep
1996 *Mere Irish and fíor-Ghael*. Cork.
- Lyne, Gerard
1975 'Dr Dermot Lyne: an Irish catholic landowner in Cork and Kerry under the penal laws', *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 8, 45-72.
1976 'The Mac Finín Duibh O'Sullivans of Tuosist and Bearehaven', *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 9, 32-67.
- Mahon, William
1996 'Scríobhathie lámhscríbhinní Gaeilge i nGaillimh 1700-1900', ead. G. Moran, R. Gillespie, *Galway history and society*, 623-50. Dublin.
- McKenna, Lambert
1939 *Aithdioghluim dána*, cuid 1. *Irish Texts Society* 37. Dublin.
- Ní Chinnéide, Síle
1973 'A new view of eighteenth-century life in Kerry', *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 6, 83-100.
- Ní Shéaghdha, Nessa
1985 'Collectors of Irish manuscripts: motives and methods', *Celtica* 17, 1-28.
- Ní Úrdail, Meidhbhín
2003 'Two poems attributed to Muireadhach Albanach Ó Dálaigh', *Ériu* 53, 19-52.
2000 *The scribe in eighteenth- and nineteenth-century Ireland: motivations and milieu*. Münster.
1999 'Ogham Órdha in späteren irisch-gälischen Handschriften', ead. S. Zimmer, R. Ködderitzsch, A. Wigger, *Akten des zweiten deutschen Keltologen-Symposiums*, 149-62. Tübingen.
1997 'On the colophons, correspondence and notes of the Ó Longáin manuscripts', ead. H. Tristram, *Medieval insular literature between the oral and the written II*, 221-47. Tübingen.
- O'Brien, John
1768 *Focalóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla or an Irish-English dictionary*. Paris.
- Ó Buachalla, Breandán
1968 *Im Béal Feirste cois cuain*. Baile Átha Cliath.
- Ó Casaide, Séamus
1934 'Irish language societies', *Irish Book Lover* 22, 90.
- Ó Catháin, Diarmaid
1988 'John Fergus MD eighteenth-century doctor, book collector and Irish scholar', *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 118, 139-62.
- Ó Conchúir, Breandán
2000 'Na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan', ead. P. Riggs, B. Ó Conchúir, S. Ó Coileáin, *Saoi na héigse. Aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*, 55-81. Baile Átha Cliath.
1982 *Scríobhathie Chorcaí 1700-1850*. Baile Átha Cliath.
- Ó Cuív, Brian
1961 'Eachtra Mhuireadhaigh Í Dhálaigh', *Studia Hibernica* 1, 56-69.
1964-6 'Rialacha do chúirt éigse i gcontae an Chláir', *Éigse* 11, 216-8.
- O'Curry, Eugene,
1861 *Lectures on the manuscript materials of ancient Irish history*. Dublin.
- Ó Donnchadha, Rónán
1994 *Mícheál Óg Ó Longáin, file*. Baile Átha Cliath.
- Ó Donnchadha, Tadhg
1914 'Religious poems by Mícheál Óg Ó Longáin', *The Irish Ecclesiastical Record* 3, 483-91, *idem* 4, 622-7.
- Ó Fiannachta, Pádraig

- 1978 *An barántas*. Má Nuad.
- Ó Foghludha, Risteárd
- 1952 *Éigse na Máighe*. Baile Átha Cliath.
- Ó hÓgáin, Éamonn
- 1990 ‘Scríobhaithe lámhscríbhinní Gaeilge i gCill Chainnigh 1700-1850’, eag. W. Nolan, K. Whelan, *Kilkenny history and society*, 405-36. Dublin.
- Ó Macháin, Pádraig
- 1998 *Téacs agus údar i bhfilíocht na scol*. Baile Átha Cliath.
- Ó Madagáin, Breandán
- 1974 *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900*. Baile Átha Cliath.
- Ó Muirgheasa, Énrí
- [1934] *Amhráin na Midhe*. Baile Átha Cliath agus Corcaigh.
- Ó Muirithe, Diarmaid
- (1993) ‘An tAthair Pól Ó Briain’, *Léachtaí Cholm Cille* 23, 8-43.
- Ó Súilleabháin, Eoghan
- 1992 ‘Scríobhaithe Phort Láirge 1700-1900’, eag. W. Nolan, T.P. Power, *Waterford history and society*, 265-308. Dublin.
- Ong, Walter J.
- 1982 *Orality and literacy. The technologizing of the word*. London and New York.
- Power, Patrick
- 1997 *The courts martial of 1798-99*. Carlow.
- ‘Scotus’
- 1919 ‘Michael Og O Longan (a brief sketch of his life), *Irisleabhar Mhuighe Nuadhad*, 90-4.
- Smyth, William J.
- 1993 ‘Social, economic and landscape transformations in county Cork from the mid-eighteenth century to the mid-nineteenth century’, eag. P. O’Flanagan, C. Buttimer, *Cork history and society*, 655-98. Dublin.
- Ua Duinnín, Pádraig
- 1906 *Filidhe na Máighe nó amhráin Sheáin Uí Thuama 7 Aindrias Mhic Craith*. Baile Átha Cliath.